Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**14409/25**

**MAP 95**
**DELACT 159**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 7085 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 22.10.2025 lena leasaítear Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis na tairseacha le haghaidh conarthaí soláthair, seirbhísí agus oibreacha, agus le haghaidh comórtais deartha i dtaobh na mblianta 2026-2027 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 7085 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 7085 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.10.2025
C(2025) 7085 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 22.10.2025**

**lena leasaítear Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis na tairseacha le haghaidh conarthaí soláthair, seirbhísí agus oibreacha, agus le haghaidh comórtais deartha i dtaobh na mblianta 2026-2027**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 6 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir leis an soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE[1], tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun na tairseacha le haghaidh conarthaí soláthair, seirbhísí agus oibreacha agus le haghaidh comórtais deartha a athbhreithniú.

Déantar foráil le hAirteagal 6 de Threoir 2014/24/AE freisin maidir leis an nós imeachta práinne atá le húsáid, i gcomhréir le hAirteagal 88 den Treoir sin, i gcás ina bhfuil srianta ama ann.

I gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Threoir 2014/24/AE, tá na tairseacha le ríomh ar bhonn mheánluach laethúil an euro i dtéarmaí ceart tarraingthe speisialta, thar thréimhse 24 mhí a chríochnaíonn an 31 Lúnasa roimh an athbhreithniú, le héifeacht ón 1 Eanáir. Dá bhrí sin, ní féidir tús a chur leis na tairseacha a ríomh tráth níos luaithe ná an 1 Meán Fómhair, ar chúiseanna infhaighteachta sonraí. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 6(4) den Treoir sin, ní mór don Choimisiún na tairseacha athbhreithnithe (in euro) agus a luachanna comhfhreagracha in airgeadraí náisiúnta eile de chuid an Aontais Eorpaigh a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ag tús mhí na Samhna.

I bhfianaise an mhéid thuas, agus chun an sprioc-am thuasluaite a bhaint amach, úsáideann an Coimisiún an nós imeachta práinne chun an Rialachán seo a ghlacadh.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe Rialtais um Sholáthar Poiblí de chuid an Choimisiúin maidir leis an Rialachán seo agus maidir leis an Teachtaireacht a ghabhann leis.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Oibríocht mhatamaiticiúil agus é sin amháin atá i ríomh na dtairseach le haghaidh na dtreoracha maidir le soláthar poiblí. Dá bhrí sin, níl in athbhreithniú na dtairseach dáiríre ach beart teicniúil. Ní mór é a dhéanamh gach 2 bhliain i gcomhréir le téarmaí Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Soláthar Rialtais. Is é is cuspóir do na coigeartuithe ceartúcháin a dhéanamh le haghaidh aon ghluaiseacht airgeadra idir na sínitheoirí a dhéanfadh difear don mhéid a bheadh a margaí soláthair oscailte d’iomaíocht ó chuideachtaí i dtíortha eile ar sínitheoirí iad.

Leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais, socraítear tairseacha sna cearta tarraingthe speisialta agus tá sásra ann chun an luach coibhéiseach in airgeadraí na bpáirtithe a athríomh gach 2 bhliain. Tugtar éifeacht dhlíthiúil don sásra sin trí Airteagal 6 de Threoir 2014/24/AE.

Ar chúiseanna comhsheasmhachta, ba cheart na tairseacha sin i dTreoir 2014/24/AE nach gcumhdaítear leis an gComhaontú maidir le Soláthair Rialtais a ailíniú freisin.

[1] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir leis an soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/24/oj

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 22.10.2025**

**lena leasaítear Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis na tairseacha le haghaidh conarthaí soláthair, seirbhísí agus oibreacha, agus le haghaidh comórtais deartha i dtaobh na mblianta 2026-2027**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir leis an soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE[1], agus go háirithe Airteagal 6(5), an dara fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2014/115/AE[2], d'fhormheas an Chomhairle an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais[3] a tugadh i gcrích faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Trádála. Is ionstraim ilpháirtithe é an Comhaontú leasaithe maidir le Soláthar Rialtais ('an Comhaontú') agus is é is cuspóir dó margaí soláthair rialtais a oscailt go frithpháirteach i measc a pháirtithe. Tá feidhm ag an gComhaontú maidir le haon chonradh soláthair lena ngabhann luach atá cothrom leis na méideanna ('tairseacha') a shocraítear ann nó lena ngabhann luach atá níos mó ná na méideanna sin, arna shloinneadh i dtéarmaí ceart tarraingthe speisialta.

(2) Ceann de chuspóirí Threoir 2014/24/AE is ea é a chur ar a gcumas do na húdaráis chonarthacha a chuireann an Treoir sin i bhfeidhm na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chomhaontú a chomhlíonadh an tráth céanna. Chun a áirithiú go gcomhfhreagraíonn na tairseacha a shocraítear in Airteagal 4, pointí (a), (b) agus (c), de Threoir 2014/24/AE do na tairseacha a shocraítear sa Chomhaontú, ba cheart na tairseacha a shocraítear sa Treoir sin a athbhreithniú. I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Threoir 2014/24/AE, ba cheart na tairseacha a shocraítear in Airteagal 13 den Treoir sin a ailíniú leis na tairseacha a shocraítear in Airteagal 4, pointí (a) agus (c), den Treoir sin.

(3) Ceanglaítear le hAirteagal 6(1) de Threoir 2014/24/AE go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na tairseacha gach 2 bhliain, le héifeacht ón 1 Eanáir. Dá réir sin, ba cheart feidhm a bheith ag na tairseacha le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027 ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2014/24/AE a leasú dá réir,

---

1 IO L 94, 28.3.2014, lch. 65. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/oj.

2 Cinneadh 2014/115/AE ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 maidir leis an bPrótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais a thabhairt i gcrích (IO L 68, 7.3.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/115(1)/oj).

3 IO L 68, 7.3.2014, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/2014/115/oj.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2014/24/AE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

  (a) i bpointe (a), cuirtear 'EUR 5 404 000' in ionad 'EUR 5 538 000';

  (b) i bpointe(b), cuirtear 'EUR 140 000'; in ionad 'EUR 143 000';

  (c) i bpointe (c), cuirtear 'EUR 216 000' in ionad 'EUR 221 000';

(2) in Airteagal 13, leasaítear an chéad mhír mar a leanas:

  (a) i bpointe (a), cuirtear 'EUR 5 404 000' in ionad 'EUR 5 538 000';

  (b) i bpointe (b), cuirtear 'EUR 216 000' in ionad 'EUR 221 000'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22.10.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*